


## Ag Iascaireacht

Maidin amháin bhí Liam agus Tomás ag lorg **péisteanna.** Chuir Mamaí an ruaig orthu nuair a chonaic sí sa **bhláthcheapach** iad. Faoin am seo bhí ceithre phéist i gcanna acu. Fuair Tomás **slat iascaigh, dorú** agus **duán óna** Dhaidí. Thug Mamaí brioscaí agus ceapairí dóibh.

Thug siad aghaidh ar an abhainn agus Oscar in éineacht leo. Nuair a shroich siad **bruach na habhann** shuigh siad síos ar an bhféar agus d'ith siad na brioscaí agus na ceapairí. Bhí fear ag **iascaireacht** ar an taobh eile den abhainn. Chaith sé an dorú siar **thar a ghualainn** agus ansin chas sé os a chionn isteach **san uisce é. Bhí cuileog** ar an duán aige ar snámh san uisce. **Ba ghearr gur rug breac** mór ar an duán. Tharraing an fear an t-iasc isteach go dtí bruach na habhann agus mharaigh sé é. Chuir Liam péist amháin ar an duán. Chaith sé an dorú taobh thiar de **faoi mar a rinne** an fear.

Chuaigh an duán i **bhfostú** i gcrann agus b'éigean dó dul in airde air. Ansin **shleamhnaigh** sé den ghéag agus isteach san abhainn leis. Chrom Tomás ag gáire gur tháinig na deora lena shúile. **Ba dhóbair go** dtitfeadh seisean isteach freisin.

Bhí Liam fliuch báite anois ach ní rachadh sé abhaile. Bhain sé de a chuid éadaigh agus d'fhan sé taobh thiar de sceach chun go mbeidís tirim. Thosaigh Tomás ag iascaireacht agus **mharaigh sé** dhá bhreac. Bhí sé an-déanach nuair a d'fhill siad abhaile an oíche sin.

### Abairtí le "Ní":

Ní mór duit an obair a dhéanamh.
Ní beag duit an gnó a dhéanamh.
Ní gá duit dul abhaile.
Ní fiú liom dul ann.
Ní baol duit.
Ní lá go dtí é.
Ní fear go dtí é.

### A. Foclóir

**péisteanna,** worms
**dorú,** fishing line
**duán,** hook
**cuileog,** a fly
**breac,** trout
**i bhfostú i gcrann,** stuck in a tree
**ba dhóbair . . .,** he almost . . .,

### B. Scríobh amach an freagra ceart:

1. Cén fáth ar chuir Mamaí an ruaig ar Liam agus Tomás?
   — mar bhí siad ag troid le chéile.
   — mar bhí siad sa bhláthcheapach.
   — mar ghoid siad cáca milis ón gcistin.
2. Cá raibh an chuileog ag an bhfear a bhí ag iascaireacht?
   — istigh ina phóca.
   — ar bharr an chrainn.
   — ar an duán.
3. Cad a tharla don duán nuair a thosaigh Liam ag iascaireacht?
   — Chuaigh sé i bhfostú i gcrann.
   — Thosaigh sé ag snámh ar an uisce.
   — Rug iasc air.

### C. Líon isteach na bearnaí sna habairtí seo a leanas:

1. Nuair a shroich siad bruach - - shuigh siad ar an bhféar.
2. Chaith sé an dorú siar thar a -.
3. Chuir Liam - amháin ar an duán.
4. Ba dhóbair go - seisean isteach freisin.
5. Bhí sé an-déanach nuair a - siad abhaile an oíche sin.

### D. Cuir na focail seo a leanas in abairtí:

slat iascaigh, ar snámh san uisce, i bhfostú, péisteanna, dorú, bruach na habhann, ag iascaireacht, mharaigh sé.

### E. Freagair na ceisteanna seo a leanas:

1. Cá bhfuair na buachaillí na péisteanna?
2. Cé mhéad péisteanna a fuair siad?
3. Cad a fuair Tomás óna Dhaidí?
4. Cad a thug Mamaí dóibh?
5. Cad é an chéad rud a rinne siad nuair a shroich siad an abhainn?
6. Cad a rinne an fear nuair a rug breac ar an duán?
7. Cén fáth a ndeachaigh an duán i bhfostú i gcrann?
8. Cad a tharla nuair a chuaigh Liam in airde ar an gcrann?
9. Cén fáth nach rachadh Liam abhaile ansin?
10. Cad a rinne sé lena chuid éadaigh?

### Gramadach 25

1. Ba dhóbair **go dtitfeadh seisean isteach freisin.**
   beir ar/bradán ramhar, buaigh/an crannchur
   Bris/fiacail, rith/abhaile.
2. Bhain **sé de** a **chuid** éadaigh:
   (mise, tusa, ise, sinne, sibhse, iadsan, Seán, Nóra.)

### Scéal

Shroichinn an scoil ar a naoi a chlog gach lá anuraidh. D'osclaínn mo mhála agus thógainn amach an leabhar léitheoireachta. Leanainn den léitheoireacht ar feadh tamaill. Ansin dhúnainn an leabhar agus chuirinn ar ais sa mhála é. D'iarradh an máistir orm an clárdubh a ghlanadh. Ghlanainn leis an nglantóir é agus shuínn síos.

Scríobh amach an scéal ag tosú mar seo:
Shroicheadh Tomás an scoil ar a naoi a chlog gach lá anuraidh ......